Tús Maith le ...



Tús Maith le ... **léargas ar théacsanna ar an liosta d'Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus 2028 faoi Chiorclán 0071/2025.**

Tús Maith le ...

Tugtar léargas sa leabhrán seo ar an bplota, ar an údar, ar na príomhcharachtair agus ar théamaí féideartha. Tá súil againn go mbeidh an leabhrán seo mar thacaíocht don mhúinteoir sa seomra ranga Ardteistiméireachta.

‘Glantóir’ le Seán Ó Muireagáin

‘Clann Lir’ leagan den scéal béaloidis le Séamus Ó Searcaigh

‘Cuairteoir’ le hOrna Ní Choileáin

‘An Bóthar go Santiago’ le Mícheál de Barra

‘An tIriseoir’ le Michelle Nic Pháidín

‘Athair’ le Mícheál Ó Conghaile

‘An Féileacán agus an Crann Úll’ le Mícheál Mac Carthaigh

‘Eoinín na nÉan’ bunaithe ar shaothar an Phiarsaigh

CC BY NC

Tús Maith le...
'Glantóir'
le Seán Ó Muireagáin

Plota an Ghearrscéil

Glantóir tí is ea Pádraigín atá ag obair i mBéal Feirste. Is duine dá cliaint é an seanfhear Tomaí a bhfuil an bhreoiteacht eimfiséime ag gabháil dó. Tá saol uaigneach aige gan a lán airgid, agus tá droch-chuma ar a theach. Is í Pádraigín an t-aon chuairteoir a thagann chuige.

Bíonn Pádraigín faoi bhrú ama mar tá cliaint eile aici, ach is breá le Tomaí blúire de chomhrá a bheith aige léi. Lá amháin, tarraingíodh anuas i gcomhrá gur chaith Tomaí tamall sa phríosún 'ar son na cúise'. Scaoileann Pádraigín a rún féin leis go raibh deartháir léi bainteach leis na Trioblóidí freisin agus gur fhág sé droch-thionchar ar shaol a teaghlaigh.

Tá casadh obann sa scéal seo ag an deireadh. Scaoileann Tomaí a rún cinniúnach féin léi a fhágann an lucht léitheoireachta ar tinneall.

An tÚdar

Is as Uachtar Chluanaí do Sheán Ó Muireagáin. Is scríbhneoir amhrán, gearrscéalta agus dánta é. Tá an gearrscéal 'Glantóir' sa chnuasach, '*Gáire in Éag*'. Tá an-shuim aige sa cheol Gaelach agus i saol na Gaeilge i gcoitinne.

Na Príomhcharachtair

Pádraigín: Is glantóir gnóthach tí í Pádraigín a théann i mbun a gnótha i mBéal Feirste agus a bhfuil liosta fada cliant faoina cúram. Tuigeann sí nach mbíonn aon chuairteoirí eile ag Tomaí agus tugann sí cluas éisteachta dá chuid scéalta dá bharr. Tá cúlra tragóideach ag Pádraigín freisin mar bhí baint ag deartháir léi leis na Trioblóidí sa Tuaisceart a d'fhág rian ar a saol.

Tomaí: Is duine de chliaint Phádraigín é an seanfhear Tomaí a bhfuil an bhreoiteacht eimfiséime ag gabháil dó. Níl teaghlach ar bith ag Tomaí arbh as Contae an Chabháin ó dhúchas dó. Is fear uaigneach é. Chaith sé seal sa phríosún 'ar son na cúise'. 'Sí Pádraigín an t-aon duine a thagann ar cuairt chuige na laethanta seo. Lá amháin scaoileann sé a rún pianmhar léi.

Téamaí Féideartha

Na Trioblóidí

Uaigneas

Saol an teaghlaigh

Léamh agus Freagairt

Gníomhaíochtaí

- Cad a thugann tú faoi deara maidir le cruachás na gcarachtar sa ghearrscéal seo?
- Déan cur síos ar thábhacht an cheantair mar shuíomh sa ghearrscéal seo.
- Scríobh críoch dhifriúil a bheadh oiriúnach don ghearrscéal seo.



- ‘Tá cairdeas mar théama sa ghearrscéal seo’.
- ‘Tá a scéal féin ag gach éinne’.

Na ráitis seo a phlé.

Oide

Tús Maith le...
'Clann Lir'
leagan den scéal béaloidis le Séamus Ó Searcaigh

Plota an Scéil

Bhí cónaí ar Rí Lear agus a bhean Aoibh faoin tuath cóngarach do Loch Dairbhreach. Bhí ceathrar clainne orthu - Conn, Aodh, Fiachra, agus Fionnuala. Buaileadh breoite Aoibh, áfach, a d'fhág na leanaí gan mháthair i ndiaidh a báis go dtí gur pósadh Lear arís. Bhí formad ceart ag Aoife, a bhean nua, leis na leanaí agus bheartaigh sí ar iad a mharú. Chuir Aoife na leanaí faoi gheasa a d'athraigh go healaí geala bána iad. D'fhág sí a gcaint dhaonna acu. D'inis sí dóibh go gcaithfidís 900 bliain i ngéibheann ar fharraigí na hÉireann. Trí chéad bliain ar Loch Dairbhreach, Contae na hIarmhí, trí chéad bliain ar Shruth na Maoile agus trí chéad bliain ar Iorras Domhnann i gContae Mhaigh Eo.

Ar deireadh, briseadh an gheis agus rinneadh seandaoine d'Aodh, Conn, Fiachra agus Fionnuala. Bhaist Mochaomhóg iad sular imigh siad ar shlí na fírinne agus cuireadh le chéile iad ina dhiaidh.

An tÚdar

Ba chainteoir dúchais é Séamus Ó Searcaigh a chuaigh le hArdléann na Gaeilge i mblianta tosaigh an chéid a bhfuil meas anois ar a dhúthracht i leith ghramadach agus fhoghraíocht na Gaeilge. Rugadh sa Chruit, Dún na nGall é. Ba bhailitheoir scéalta béaloidis é.

Na Príomhcharachtair



Lear: Rí Thuatha Dé Danann agus athair a bhfuil grá aige dá leanaí.
Aoife: Leasmháthair ghránna na leanaí agus an dara bean chéile atá ag Lear. Duine éadmhar agus draíochtúil í.
Fionnuala, Aodh, Conn agus Fiachra: Clann Lir go dtí gur athraíodh go healaí iad le slaitín draíochta. Fágadh ina n-ealaí iad go dtí gur briseadh an gheis.
Naomh Mochaomhóg: Naomh a bhaist na leanaí ag deireadh an scéil sula bhfuair siad bás.

Téamaí féideartha

An Béaloideas

Saol an teaghlaigh

Stair na hÉireann

Léamh agus Freagairt

Gníomhaíochtaí

- Cad iad na tréithe (béaloidis nó carachtair) is suntasaí sa scéal béaloidis seo?
- Déan an scéal seo a mheas i gcomhthéacs Fhinscéalta eile na hÉireann.
- Samhlaigh an comhrá idir Aoife agus Lear i ndiaidh di an drochghníomh a dhéanamh.



- ‘Ní drochdhuine í Aoife ach tá sí faoi smacht ag a mothúcháin’.
- ‘Is fear lag, somhúnlaithe é Lear a tharraing gach donas air féin’

Na ráitis seo a phlé.

Tús Maith le ...
'Cuairteoir'
le hOrna Ní Choileáin

Plota an Ghearrscéil

Tá cónaí ar Mháiréad i dteachín iargúlta ar an gcósta. Bailíonn sí ábhar tine i gcomhair na stoirme atá ag réabadh timpeall an chósta. Agus í ag filleadh ar a teachín, baintear preab mhillteach aisti nuair a fheiceann sí strainséir ina sheasamh i lár na cistine.

Fear mór láidir atá ann. Cé go bhfuil sé bearrtha, braitheann sí go bhfuil cuma mhíshlachtmhar air. Deir sé nach bhfuair sé aon fhreagra nuair a bhuail sé cnag ar an doras. Geiteann a croí ina cliabhrach gan focal aisti...

Is scéal rúndiamhair é an gearrscéal seo. An bhfuil an cuairteoir ann in aon chor nó an chuimhne í atá á múscailt de réir a chéile ag an mbean? Tá comhrá idir an bhean agus an cuairteoir sa teach (1) i ndáiríre nó (2) de bharr cuimhne atá ag an mbean. Sin é an mhistéir a sholáthraíonn an gearrscéal seo don léitheoir.

An tÚdar

Is scríbhneoir agus ceoltóir í Orna Ní Choileáin.Tá dhá chnuasach gearrscéalta againn óna peann go dtí seo: *Canary Wharf* (2009) agus *Sciorrann an tAm* (2014). Sa bhliain 2012, d'fhoilsigh Cois Life an chéad úrscéal uaithi *Ailfí agus an Vaimpír*. Is Corcaíoch í Orna agus scríobhann sí leabhair do dhaoine fásta agus do pháistí.

Na Príomhcharachtair

Máiréad: Bean aosta atá ina cónaí i dteachín iargúlta ar an gcósta. Is bean neamhspleách í Máiréad. Cónaíonn a hiníon uair a chloig uaithi agus bíonn sí ag tnúth le blúire de chomhrá a bheith aici léi ar an bhfón. Cailleadh a fear céile seacht mbliana ó shin.

An cuairteoir: Fear mór láidir a bhfuil cuma mhíshlachmhar air, cé go bhfuil sé bearrtha. Tagann sé chun an tí lá amháin agus bíonn comhrá aige leis an mbean.

Téamaí Féideartha

Uaigneas

Rothaí móra an tsaoil

Grá

Léamh agus Freagairt

Gníomhaíochtaí

- Cad a sheasann amach duit faoin gcuairteoir a thagann ar cuairt?
- Déan anailís ar an éifeacht a bhaineann le hathrú aimsire sa ghearrscéal seo.
- Déan cur síos ar ról an teannais sa ghearrscéal seo.



- Déan plé ar leochaileacht an tseanduine i sochaí an lae inniu.
- Déan plé ar an an athrú atá tagtha ar nós na bothántaíochta i gcultúr na hÉireann.

Tús Maith le...
'An Bóthar go Santiago'
le Mícheál de Barra

Plota an tsleachta

Múinteoir ar scor agus é ag tosnú amach ar chéim nua ina shaol is ea Mícheál. Ba mhaith leis 900 ciliméadar den Chamino idir Saint-Jean-Pied de Port agus Finistere a shiúl. Tugtar léargas dúinn ar an turas traenach i dteannta na n-oilithreach eile trí shliabhraon na bPiréiní, ar a chéad oíche i dteach ósta ársa agus an imní atá air faoin siúlóid fhada atá roimhe. Tuigeann sé nach bhfuil sé go hiomlán ullamh an turas seo a bhaint amach. Is scéal pearsanta é ina chaitheann De Barra solas ar leochaileacht agus ar dhaonnacht an duine. Labhraíonn sé go macánta agus go hoscailte leis an léitheoir. Tá an scéal lán den stair a bhaineann leis an áit sin.

An tÚdar

Rugadh agus tógadh Mícheál de Barra ar imeall na Boirne i gCo an Chláir. Chaith sé tréimhsí ina mhúinteoir bunscoile agus meánscoile agus mar leas-phríomhoide. Ghnóthaigh a chéad leabhar *An Bóthar go Santiago* Gradam Glen Dimplex i Rannóg na Gaeilge i 2007.



Na Príomhcharachtair

An tÚdar: Mícheál agus a fhéinfhoghlaim.
Na hOilithrigh: Na daoine a mbuaileann Mícheál leo ar a thuras ar an gCamino. Buaileann sé le roinnt mhaith daoine as tíortha eile .i. oilithrigh ón Ollainn, ón mBrasaíl, ón Spáinn agus ón nGearmáin ina measc.
Na Dúchasaigh: Muintir na háite a chabhraíonn leis na hoilithrigh.

Téamaí féideartha

Stair agus Eolas na háite

Nádúr

Saol an duine

Léamh agus Freagairt

Gníomhaíochtaí

- Cad a fhoghlaimíonn Mícheál faoi féin ar an gCamino?
- Déan cur síos ar thábhacht an chomhluadair.
- An rogha is tábhachtaí a rinne tú i do shaol go dtí seo a mhíniú.



- ‘Is fada an bóthar gan casadh’.
- ‘Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine’

Na ráitis seo a phlé.

Tús Maith le...
'An tIriseoir'
le Michelle Nic Pháidín

Plota na caibidle

Téann Bríd i mbun iriseoireachta sa phríomhchathair leis *The Irish Telegraph*. Bean dhíograiseach, mheabhrach, éirimiúil is ea í a oibríonn go dian agus is iriseoir dícheallach í i mbun a cuid oibre. Bhí ardmholadh cloiste ag an nuachtán mar gheall uirthi, agus an moladh sin tuillte go maith aici. Ar a céad lá oibre, tá uirthi aghaidh a thabhairt ar scéal a ghoillfidh mórán sa cheantar. Léirítear an brú a bhíonn ar iriseoirí agus iad ag dul i ngleic le scéalta deacra na linne seo.

Scéal mothúchánach is ea an scéal seo nach bhfágfaidh do chuimhne go ceann i bhfad.

An tÚdar

Rugadh Michelle i nGlaschú, in Albain ach tógadh i nGaoth Dobhair í. Is iriseoir ilghnéitheach í agus tá taithí fhairsing aici i réimsí éagsúla na meán. Tá dúil mhór ag Michelle i gcúrsaí teanga agus bhí sí ina cathaoirleach ar Choiste Comhairleach na nÓg agus ina ball de Choimisiún na Gaeltachta. Foilsíodh a céad úrscéal ficsin, úrscéal dar teideal '*An tIriseoir*' in 2016.



Na Príomhcharachtair

Bríd: Is iriseoir í Bríd atá ag obair le nuachtán. Ar a céad lá oibre i mBaile Átha Cliath, caithfidh sí aghaidh a thabhairt ar chás corraitheach bainteach le mí-úsáid ghnéis a rinneadh ar pháistí sa cheantar siar sna blianta.

Ciarán Ó Gallchóir: Is fear gnóthach é Ciarán atá mar eagarthóir nuachta. Fear borb, mífhoighneach é.

Bean Uí Shúilleabháin: Is í Bean Uí Shúilleabháin eagarthóir an nuachtáin. Bean dhíograiseach, dhícheallach atá inti nach éasca a bheith ag obair faoina stiúir uaireanta.

Téamaí féideartha

Grá

Crá croí

Saol an teaghlaigh

Oide.ie

Léamh agus Freagairt

Gníomhaíochtaí

- Déan cur síos ar thréithe pearsanta na gcarachtar a luaitear sa sliocht.
- Conas a léirítear na mothúcháin is láidre sa sliocht seo?



- Pléigh saol na hoibre agus an strus a fhásann as uaireanta.
- Pléigh saol an iriseora sa lá atá inniu ann.

Tús Maith le...

'Athair'

le Mícheál Ó Conghaile

Plota an Ghearrscéil

Teastaíonn ó mhac rún a scaoileadh lena athair ach cén toradh a bheidh air? Éistítear sa scéal seo, atá lonnaithe in áit iargúlta faoin tuath, le comhrá idir mac agus athair agus féachtar ann ar smaointe an fhir óig agus a athar agus é ag dul i ngleic leis an eolas nua seo. Tá stíl ag Mícheál Ó Conghaile atá furasta le léamh ina n-éiríonn leis an comhrá idir an bheirt acu a bhreith leis ina bheatha go láthair cumtha an scéil. Cuirtear clabhsúr mothúchánach leis an scéal seo ar nóta dóchais.

An tÚdar

Is file, gearrscéalaí, úrscéalaí agus foilsitheoir é Mícheál. Rugadh é in Inis Treabhair i gConamara agus tá sé ag cur faoi anois in Indreabhán. Tá thart ar 500 leabhar foilsithe aige. Is mar scríbhneoir cruthaitheach is mó atá aithne ar Mhícheál, go háirithe ó foilsíodh a chnuasach gearrscéalta *An Fear a Phléasc* (1997). Bhí an t-úrscéal *Sna Fir* (2000) ar ghearrliosta Dhuais Liteartha *The Irish Times*.

Na Príomhcharachtair

An tAthair: Is léir gur den sheanghlúin an t-athair sa scéal seo nach raibh ar a chumas a chuid mothúchán a nochtadh go poiblí. Is fear ciúin traidisiúnta é. Tugann sé cluas éisteachta dá mhac.

An Mac: Is duine tuisceanach dea-chroíoch foighneach é an mac a thuigeann daoine agus cás an duine. Feictear a chrógracht agus an grá agus an meas atá aige dá athair.



Téamaí Féideartha

Caidreamh idir athair agus a mhac

An seansaol agus an saol nua in Éirinn

Féiniúlacht an duine

Oide.ie

Léamh agus Freagairt

Gníomhaíochtaí

- Cad a sheasann amach duit ón ngearrscéal seo maidir le: atmaisféar, an gaol idir na carachtair agus stíl an údair?
- Samhlaigh an comhrá inmheánach a d'fhéadfadh a bheith ar siúl in intinn gach carachtar. Scríobh cuntas ar an gcomhrá inmheánach sin ag díriú ar bhriathra, aidiachtaí agus ar mheafair sa ghearrscéal.
- Cum alt cruthaitheach bunaithe ar cad a d'fhéadfadh tarlú i ndiaidh chríoch an ghearrscéil seo.



Cad iad na heachtraí sa scéal seo a chuaigh i bhfeidhm ort?

Pléigh an carachtar sa scéal a bhfuil an bá is láidre agat leis agus tabhair na cúiseanna dó sin.

Tús Maith le...

'An Féileacán agus an Crann Úll'

le Mícheál Mac Cárthaigh

Plota an Dráma

Is é brí an tsaoil téama an dráma seo a bhaineann le fear bocht a théann sa tóir ar an dea-shaol tar éis comhairle a fháil ó shaoi gur cheart dó iarracht é a bhaint amach. Mínínonn an saoi dó go mbíonn gach duine sa tóir ar rud éigin difriúil. Níl ach pingin amháin ag an bhfear sin, áfach, chun an dea-shaol a bhaint amach a shaothraigh sé as obair bhúistéara a dhéanamh.

Ach caithfidh an fear bocht rud éigin a cheannach chun an dea-shaol a bhaint amach. Níl oiread anois aige a cheannódh carr nó fáinne, nó fiú féirín ar bith, do bhean mar go bhfuil sé beo bocht. Chabhraigh an fear bocht le fear oibre teach a thógáil agus fuair sé caipín dearg uaidh as an obair sin ar fad. Tugann sé faoi deara go bhfuil féileacán ag damhsa faoi sholas na gréine a théann i bhfeidhm go mór air.

Ansin, insíonn sé don saoi a chuir comhairle air gur éirigh leis an dea-shaol a bhaint amach sa deireadh ach ar bhealach eile. Cuireann an saghas sin grá isteach go mór ar an saoi a chuir comhairle air.

An tÚdar

Is drámadóir as Tír Chonaill é Mícheál Mac Cárthaigh. Leagan Gaeilge agus leagan Fraincise den ghearrdhráma atá sa leabhar seo.

Na Príomhcharachtair

An Fear Bocht: Is duine fiosrach, soineanta é a théann sa tóir ar an dea-shaol. Is siombail é de dhuine atá ag iarraidh brí a bhaint as an saol. Éisteann sé le daoine eile ag tús an dráma ach tagann sé ar bhrí a shaoil faoi dheireadh an dráma.
An Saoi: Carachtar atá ar bharr cnoic ag breathnú anuas ar an saol. Is siombail é den údarás. Ní maith leis é nuair a thosaíonn an fear bocht ar é a cheistiú.
An Búistéir: Is carachtar suarach é. Is siombail é den obair chrua agus den ábharachas.
An Fear Glic: Díoltóir cliste dea-chainteach é. Is siombail é den tomhaltachas.
An Féileacán: Spreagann sí an Fear Bocht chun a shaol a athrú agus chun mianta a chroí a leanúint. Is siombail í den ghrá, saoirse agus áilleacht.

Téamaí Féideartha

Saol na hoibre

Nádúr

Grá

Léamh agus Freagairt

Gníomhaíochtaí

- Cad a sheasann amach duit maidir le do thuiscint ar ghrá?

- Déan anailís ar na carachtair ó thaobh cosúlachtaí agus difríochtaí atá soiléir duit sa ghearrdhráma seo.

- Ceap críoch dhifriúil leis an dráma seo a chuirfeá i láthair sa seomra ranga.



- Pléigh nádúr an duine mar a thaispeántar sa ghearrdráma é.

- Cad é an próiseas a leanfá chun an gearrdhráma seo a léiriú ar stáitse?

Oide

Tús Maith le...
'Eoinín na nÉan'

Gearrscannán bunaithe ar shaothar an Phiarsaigh

Scríbhneoir an Ghearrscannáin: Bridget Breathnach

Stiúrthóir an Ghearrscannáin: Ruán Magan

Plota an Ghearrscannáin

Tá reibiliúnach graifítí ag streachailt leis an mianach atá ann mar ealaíontóir. Fiosraítear in 'Eoinín na nÉan' streachailt shíoraí inmheánach an ealaíontóra leis an neamhdhiongbháilteacht atá air. Is leagan nua-aimseartha é 'Eoinín na nÉan' de shaothar an Phiarsaigh. Tugtar léargas don lucht féachana ar choimhlintí móra an tsaoil; an grá, an tsaoirse, caidrimh theaghlaigh agus neart eile sa ghearrscannán corraitheach seo.

Údar an Ghearrscéil

Ba scríbhneoir agus drámadóir é an Piarsach. Áirítear 'An Mháthair', 'Íosagán', 'an Rí', agus 'An Gadaí' i measc na saothar litríochta óna pheann. Scríobh sé cuid mhaith i mBéarla chomh maith, ag gríosadh na nGael chun troid ar son na saoirse. Bhí an-tóir ag an bPiarsach ar Iarthar na hÉireann agus feictear é sin ina chuid scéalta agus filíochta.

Is duine mór le rá i stair na hÉireann é Pádraig Mac Piarais. Bhí dlúthbhaint ag an bPiarsach le hÉirí Amach na Cásca 1916 mar ar cuireadh chun báis é. Ba scríbhneoir iomráiteach é a d'fhág rian a lámh ar litríocht na Gaeilge agus a chuaigh i bhfeidhm uirthi.

Na Príomhcharachtair

Eoinín: Is fear óg é a bhfuil mianach an ealaíontóra go smior ann. Ní ghéilleann sé do shrianta an tsaoil. Tá spiorad an éin ann, é saor agus fiáin.
Sadie: Cailín Eoinín. Cailín stuama, cineálta í. Tá sí i ngrá le hEoinín ach níl sí ar aon intinn leis faoi na cinntí go léir a dhéanann sé sa saol.
Tess: Máthair Eoinín. Is máthair ghrámhar í atá ag iarraidh a mac a chur ar bhóthar a leasa.

Téamaí Féideartha

Cúrsaí Teaghlaigh

Samhlaíocht agus Cruthaitheacht

Buairt an tSaoil

Léamh agus Freagairt

Gníomhaíochtaí

- Cad atá suntasach duit sa ghearrscannán seo maidir le cruachás na gcarachtar?
- Déan an gearrscannán seo a mheas maidir le ról an atmaisféir ann.
- Scríobh an comhrá a bheadh idir Eoinín agus Sadie tar éis dó a rogha saoil a dhéanamh.



- ‘Tábhacht na cruthaitheachta i saol an duine óig’.
- ‘An rud is measa leat ar domhan, ní fíos ach gurb é lár do leasa é’

Na ráitis seo a phlé.